# Nuacht Litir

# Samhradh 2026

## Céad Fhaoistin 14/4/26



Bhí an Chéad Fhaoistin ag Rang a 2 sa scoil leis an t-Athair Daniel. Fuair siad uilig rud deas a siopa!! Anois tá siad ag fáil réidh le haghaidh a gCéad Chomaoineach an mhí seo chugainn.

## Lá Oscailte 17/4/26



Bhí lá oscailte againn agus bhí seans ag na gasúir nua a bheas ag tosú linn tar éis an tsamhraidh a bheith sa seomra ranga. Bhí seans ag na tuismitheoirí a bualadh le chéile freisin. Chuaigh Naíonáin Mhóra suas ag seomra na meán ranganna agus chuaigh Rang a 3 suas ag seomra na hardranganna. Thug sé seo deis do na gasúir cleachtadh a bheith acu sna ranganna nua.

## Féile Scoildrámaíocht 28/4/26



Chuaigh Rang 3,4,5 agus 6 suas chuig amharclann Mhuileann gCearr chun páirt a ghlacadh sa bhFéile Náisiúnta Scoildhrámaiochta leis an dráma 'Tír na mBotún'. Bhuaigh muid duais moltóra 'Samhlaíocht Dhraíochtúil'. Tá muid an-bhródúil as na gasúir uilig!! Bhí BBQ agus cóisir ag an scoil de bharr.

## Bliots Peile 6/5/26



Bhí an-mhaidin go deo ag Rang 4,5 agus 6 thuas ar an gCanal, maidin Dé Céadaoin nuair a d'imir muid bliots Cumann na mBunscoil in éineacht le Scoil Cholmcille, An Tuladh agus Scoil Mhuire, an Tuairín. Bhí an aimsir go hálainn agus bhí an-spraoi ag na gasúir ar fad. Bhí sár chaighdeán peile agus ard mholadh ag dul do na gasúir ar fad ó na scoileanna difriúla, cé chomh múinte agus béasach a bhíodar. Míle buíochas le Cumann na mBunscoil agus go speisialta le Coiste na páirce a chuir an páirc ar fáil agus as ucht chuile shórt a bheith réitithe agus in ord romhainn.

## Maidin Aistrithe na mBunscoileanna do Rang a 6 7/5/26



Chuaigh Rang a 6 chuig SCC ar an gCeathrú Rua chun maidin aistrithe a bheith acu le gasúir as scoileanna eile. Bhí an-spraoi acu ag imirt cluichí agus ag cur aithne ar a chéile agus ar an scoil. Agus a rud is fear….pancóga sa gceaintín!

## Céad Chomaoineach 9/5/26



Bhí lá fíor speisialta ag Rang a 2 agus iad ag ceiliúradh a gCéad Chomaoineach i Séipéal Chill Treasa. Míle buíochas leis an t-Athair Daniel, Múinteoir Áine agus Múinteoir Mícheál Ó Tuathail, Nóirín agus an Cór agus leis na tuismitheoirí a réitigh an cóisir a bhí againn sa scoil.

## Bliots Peile 12/5/26



Bhí an-lá ag Rang 4,5 agus 6 thiar ar an Máimín ag bliots a bhí eagraithe ag Joe-Joe. Chuir muid dhá fhoireann chun páirce agus bhí chúig chluiche ag chaon fhoireann. D'éirigh go hiontach leis an lá agus bhain na gasúir ar fad an-taitneamh as an lá. D'imir siad go hiontach agus d'iompar siad iad fhéin go hiontach mar is gnáth.

## Acres 21/5/26

Bhí lá ag na hArdranganna leis an gclár Acres. Chaith siad an lá ag breathnú ar chúrsaí timpeallachta /imshaoil agus go speisialta tábhacht na bportaí agus na cineálacha plandaí, éin, ainmhithe agus bláthanna a fhásann/mhaireann ann. Bhí an-lá acu agus buíochas leis an gclár ACRES.

## Slán le Steve 25/5/26



Guíonn muid gach rath ar Steve Sweeney a bhí linn le riar mhaith blianta anuas agus é ag dul ar scoir. É tuilte go maith aige. Bhíodh Steve linn gach Céadaoin ag déanamh ranganna ceoil sa scoil idir feadógaí agus boscaí ceoil. Tá Ceoltóirí agus banna ceoil den scoth againn agus grá don cheol cothaithe ag Steve ins na gasúir ar fad a bhíonn ag obair leis. Míle buíochas a Steve as ucht do chuid foighid, obair chrua agus comhairle i gcónaí. Go n-éirí leat sa chéad chaibdil eile de do shaol.

## Bliots Peile 26/5/26



Bhí bliots peile ag na meán ranganna ag an gCanal. Bhí siad ag imirt cluichí in aghaidh Scoil an Tuairín agus Tír an Fhia. Bhí an-lá ag na gasúir agus mile buíochas le Joe Joe leis an ócáid a heagrú.

## Turas Scoile na Naíonáin agus Rang na nGleoiteoga 26/5/26



Chuaigh Rang na Naíonán agus Rang na nGleoiteoga ar thuras go hInis Oírr. Bhí an t-ádh leo lá álainn gréine a fháil.Thosaigh an turas nuair a shiúil siad síos go dtí an chéibh agus chuaigh siad ar bord an bháid farantóireachta *Banríon na Farraige*. Nuair a shroich siad an t-oileán, bhain siad taitneamh as picnic sular chuaigh siad ag spraoi sa pháirc spraoi. Bhí an-spraoi acu ann! Ina dhiaidh sin, chuaigh siad ar thuras capall agus cairr timpeall an oileáin. Stop siad ag an *Plassey*, áit ar bhain siad taitneamh as uachtar reoite

blasta. Lean siad ar aghaidh leis an turas agus chonaic siad an teach solais chomh maith. Tar éis an turais capall agus cairr, chuaigh siad ag spraoi ar an trá sular fhill siad ar ais go Ros an Mhíl ar an mbád farantóireachta.Bhain gach duine an-taitneamh as an lá agus beidh cuimhní deasa acu ar an turas speisialta seo go ceann i bhfad.

## Lá Spóirt 27/5/26



Bhí lá spóirt againn ar an gCanal arís i mbliana. Bhí an-la ag na gasúir ag déanamh stáisíuin, cluichí, rasaí agus tarraingt téide. Buíochas le Coiste na Páirce a thug cead dúinn an páirc agus cisteanach a úsáid.



## Turas Scoile na Meánranganna 4/6/26



Chuaigh Rang a 1,2 agus 3 chuig Aillwee Caves. Bhí an-time acu thios sna pluaiseanna agus ansin bhí seó éan acu. Bhí seans ag na gasúir gréim a fháil ar na héin. Stop siad ag McDonalds ar an mbealach abhaile! Bhí an-lá go deo acu!!

## Turas Scoile Rang 4,5,6 17/6/26



Chuaigh na hArdranganna chuig Emerald Park. Bhí an-lá go deo acu ar na siamsaíochtaí uilig. Bhí an aimsir go hálainn agus stop muid ag Supermacs ar an mbealach abhaile. Bhí muid mairithe tar éis an lá ach go leor cuimhní déanta againn!

## Cuimhní Rang a 6:



Bhí muid ag fiafraí ar Rang a 6 céard iad na cuimhní is fearr a bhí acu ar scoil agus céard iad na brionglóidí a bhí acu don todhchaí………

Daniel : An banana boat…Aviva Stadium…Lá Spóirt…nuair a chiceáil duine éicint an liathróid sa driseachaí…Ba mhaith liom dhul chuig coláiste nuair a bheidh mé 18

David : Aifreann Chéad Chomaoineach….An carachtar Chog a rinne mé….Lá Spóirt….Drámaí uilig….nuair a tháinig León agus Lucien chuig an scoil…Ba mhaith liom coinneál suas leis an adhmadóireacht agus cispheil.

Fionn : Turas scoile chuig Dublin Zoo….Lá Spóirt '24 nuair a thit James sa rás….Campa Uisce…Ba mhaith liom a bheith i mo thománaí F1

James : An chéad bliots a bhí agam i Rang a 4…An dráma An tOráiste…..Turas scoile chuig Dublin Zoo….Nuair a thit mé sa driseachaí…..Ba mhaith liom a bheith ag imirt do Ghaillimh

León:An banana boat ….na bliostannaí ar fad….Campa Uisce nuair a thit muid amach as an mbád……Ag titim nuair a bhí mé ag imirt sacair le David……Ba mhaith liom a bheith i mo phluiméir

Lucien : nuair a tháinig mé ag an scoil seo….An dráma a rinne muid……an bliots liathróid láimhe…….nuair a thit James den cathaoir sa seomra ranga…..Ba mhaith liom a bheith i mo aer-ghrianghradóir

Molly: Na cairde is fearr a rinne mé….Aviva….turas scoile chuig Emerald Park…nuair a bhí mé ag imirt sacair thit mé sa puiteach!...Ba mhaith liom a bheith i m'ealaíontóir smidigh

Olivia: Nuair a chuaigh muid chuig an Aviva…Lá spóirt mar bhíonn muid ag rithíocht agus ag spraoi….Campa Uisce i Leitir Mealláin….Nuair a thit mé sna drischeachaí……Ba mhaith liom a bheith i mo bhanaltra

## Slán le Rang a Sé 18/6/26



Bhi oíche fíor speisialta againn do Rang a 6 agus muide a fagáil slán leo. Ghlaoigh Múinteoir Míchéal an rolla don uair dheireanach agus bhí píosa caint againn faoi na gasúir ar fad. Oíche an-mhothúchánach do chuile dhuine a bhí ann.



***Aireoidh muid uainn go mór sibh - gasúir álainn, múinte agus cineálta, lán le spórt agus spraoi. Go n-eireoidh go geal libh i bhur scoileanna nua!***



***Ag guí samhradh iontach oraibh go léir!***

*Foireann na Scoile*

**Athoscailt na scoile: 26/8/26**